Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11565/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0279(NLE)**

**COEST 203**
**WTO 201**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 492 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle um Chomhar a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 492 final.

Faoi iamh: COM(2021) 492 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.8.2021
COM(2021) 492 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle um Chomhar a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin**

IARSCRÍBHINN

**DRÉACHT**

**MOLADH Uimh. XX/2020**
**ÓN gCOMHAIRLE UM CHOMHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ASARBAISEÁIN**

**Lena bhformheastar an síneadh ar Thosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin 2021- 2027**

TÁ AN CHOMHAIRLE UM CHOMHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ASARBAISEÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 81 de,

Ag féachaint do Mholadh Uimh. 1/2018 ón gComhairle um Chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin an 28 Meán Fómhair 2018 maidir le Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin (2018-2020),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile (an 'Comhaontú') an 22 Aibreán 1996 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1999.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 81 den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle um Chomhar moltaí iomchuí a dhéanamh d'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 98 den Chomhaontú tá Páirtithe sa Chomhaontú leis na bearta ginearálta nó sonracha is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus tá siad le féachaint chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) An 28 Meán Fómhair 2018, d'fhormhuinigh an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin le haghaidh na tréimhse 2018-2020 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

(5) Cuirfidh an tAontas agus an Asarbaiseáin san áireamh go déthaobhach i dTosaíochtaí na Comhpháirtíochta cuspóirí fadtéarmacha agus spriocanna insoláthartha a bheidh le comhaontú eatarthu i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear an comhar sa tsláinte phoiblí a neartú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Molann an Chomhairle um Chomhar go gcuirfear síneadh le Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Asarbaiseáin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, go dtí

2027. Féadfar Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta a nuashonrú nó a shíneadh tuilleadh trí chomhaontú na Comhairle um Chomhar.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Moladh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle um Chomhar

An tAontas Eorpach

Poblacht na hAsarbaiseáine